Preas Ráiteas

Le heisiúint láithreach

Ag Céiliúradh 40 bliain Choláiste na bhFiann san RDS.

Beidh os cionn **2000** duine óg a d'fhreastal ar chúrsaí Samhraidh Gaeilge **Choláiste na bhFiann** ag teacht le chéile an deireadh seachtaine seo ar **Satharn 30 Lúnasa san RDS** don ócáid bhliaintiúil **Tóstal na bhFiann** ag **céiliúradh 40 bliain do Choláiste na bhFiann**. Tá an ócáid seo ag bogadh ó Thamhlacht, áit a raibh sé roimhe seo, go dtí Halla Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Átha Cliath, áit a mbeidh Tóstal ollmhór le deireadh seachtaine lán do chraic agus spraoi geallta.

Eagraíonn **Coláiste na bhFiann** cúrsaí Samhraidh Gaeilge do dhaltaí thar timpeall na tíre – Ros Muc sa Ghaillimh, Rath Cairn agus Baile an Uairnigh,Co. na Mí, Sligeach, Longfort, Cnoc Beag i gCeatharlach, Baile na Sceilige agus Cill Áirne i gCiarraí. Tagann gach uile cúrsa dóibh seo le chéile chun deireadh na gcúrsaí agus tús d'féilire imeachtaí an Gheimhridh a chéiliúradh. Is iontach an lá é seo le **2000** i láthair, idir dhaoine óga agus tuismitheoirí, ó timpeall na tíre, ag teacht le chéile chun an suim agus an ghrá atá acu don Ghaeilge a chéiliúradh.

Ag cur síos ar an ócáid, dúirt Caitríona Ní Cheallaigh, Cathaoirleach Feidhmitheach, Coláiste na bhFiann;
"Is buaicphointe na bliana é an lá seo do dhaltaí Choláiste na bhFiann a bhí ar chúrsa Samhraidh chun a gcuid cairdeas a athnuachan agus taitneamh a bhaint as fuadar agus spraoi foghlamtha na Gaeilge i mbealach dearfach paiseanta. Is bliain rathúil é an bhliain seo do chúrsaí Samhraidh Gaeilge, go háirithe le méadú tagtha ar líon tinnrimh ar gach uile chúrsa do chuid Choláiste na bhFiann. Le Samhradh 2009 ag druidim inár dtreo táimíd ag tnúth go mór le fáilte a chur roimh níos mó daoine óga chun bliain iontach eile a bheith againn leis an nGaeilge.
Seasaimid amach de bharr go bhfuil seirbhís iar-aire **Cumann na bhFiann** againn chun an teanga a choimeád ina bheathaigh an bhliain ar fad. Tugann Cumann na bhFiann, atá urraithe ag Foras na Gaeilge agus ag gníomhaíochtaí árdú airgid na ndaltaí, deis do dhaoine óga a gcuid líofacht sa Ghaeilge agus a gcuid cairdis nua 'as Ghaeilge' a choimeád trí líonra náisiúnta clubanna óige Gaeilge. Is é Tóstal na bhFiann an chéad imeacht ar fhéilire an Gheimhridh Chumann na bhFiann."

Tá an lá ag tosnú ag **14:30** nuair a shroicheann na daoine óga ó chúrsaí **Choláiste na bhFiann an RDS**. Le linn an lae bíonn na daoine óga ag tógaint páirt sna himeachtaí, cluichí, amhráin agus taispeáintaisí a d'fhoghlaim siad ar na cúrsaí. Ar an lá i dteannta le na comórtaisí agus cluichí beidh picnic, seisiún drumadóireacht agus céilí ollmhór ag cur críoch leis an lá ag **20:00**.

Ná caill amach ar an lá spraoiúil seo!

Foirmeacha Iarratais do chúrsaí **2009 Coláiste na bhFiann** ar fáil ar an lá.

Tá Coláiste na bhFiann ag céiliúradh 40 bliain i mbliana le Dinnéar agus céilí do iar-dhaltaí i bPáirc an Chrócaigh ar 29 Samhain, 2008.

Críoch

Tuilleadh eolais ar fáil:
Cristina Ni Mhóráin, T: 01-2808091, E: eolas@colaistenabhfiann.ie or cristina@colaistenabhfiann.ie. W: www.colaistenabhfiann.ie
Nó
Mary FitzGerald, Mary FitzGerald Public Relations
8 Fitzwilliam Place, Dublin 2
T: 01-6787916, M: 086-2520181, E: info@maryfitzgeraldpr.ie